Nótaí don Dalta: Foilsitheoireacht Deisce

- Amharc ar na samplaí d'fhoilseacháin a thug an múinteoir duit. Labhair ar an rud a bhfuil siad faoina choinne agus cad chuige a n-oibríonn siad go maith. Cuideoidh do mhúinteoir leat plean a dhéanamh de d'fhoilseachán.

- Úsáid do bhogearraí d'fhoilsitheoireacht deisce le comhad tionscadail nua a dhéanamh.

- Roghnaigh téacs agus íomhánna lena n-úsáid i d'fhoilseachán ó na roghanna a thug an múinteoir duit.

- Iompórtáil agus suigh ar do leathanach an téacs agus na híomhánna a roghnaigh tú.

- Úsáid uirlisí agus gnéithe na mbogearraí le heagarthóireacht a dhéanamh ar d'fhoilseachán.

- Úsáid comhadainm le d'fhoilseachán a shábháil, comhadainm a chuideoidh leat féin agus le daoine eile é a aithint.

- Iarr ar pháirtí ranga amharc ar d'fhoilseachán. Labhair ar na rudaí a oibríonn go maith agus ar na rudaí a d'fhéadfá a fheabhsú.

Nótaí don Dalta: Foilsitheoireacht Deisce

- Amharc ar na samplaí d'fhoilseachán a thug an múinteoir duit agus/nó mol samplaí de do chuid féin. Labhair ar an rud a bhfuil siad faoina choinne agus cad chuige a n-oibríonn siad go maith.

- Cruthaigh plean nó sceitse do d'fhoilseachán, agus an lucht éisteachta agus an cuspóir san áireamh agat.

- Úsáid do phlean mar threoir, roghnaigh íomhánnna agus téacs atá fóirsteanach do d'fhoilseachán. Do mhúinteoir a chuirfidh na rudaí sin ar fáil nó gheobhaidh tú do chuid féin.

- Cuir nó iompórtáil isteach sna bogearraí an téacs agus na híomhánna atá tú ag dul a úsáid. Coinnigh cuimhne téacsbhoscaí ar leith a úsáid, nuair is cuí.

- Suigh an téacs agus na híomhánna san áit ar mhaith leat iad. Úsáid uirlisí agus gnéithe na mbogearraí le heagarthóireacht a dhéanamh ar d'fhoilseachán agus é a choigeartú. Cinntigh go bhfuil an téacs agus na híomhánna soiléir agus furasta a léamh. Cuir san áireamh an lucht éisteachta agus an cuspóir atá ag d'fhoilseachán.

- Úsáid comhadainm le d'fhoilseachán a shábháil, comhadainm a chuideoidh leat féin agus le daoine eile é a aithint.

- Iarr ar pháirtí ranga amharc ar d'fhoilseachán críochnaithe. Labhair ar na rudaí a oibríonn go maith agus ar na rudaí a d'fhéadfá a fheabhsú.

Nótaí don Dalta: Foilsitheoireacht Deisce

- Faigh samplaí d'fhoilseacháin atá ábhartha don tionscadal agat agus déan athbhreithniú orthu. Sainaithin na príomhthréithe a dhéanann éifeachtach iad. Déan nóta den taighde seo i do dhialann tionscadail.
- Cruthaigh plean do d'fhoilseachán ina bhfuil an rud atá tú a dhéanamh, cé dó a bhfuil sé agus an rud ba mhaith leat a fheicfidh siad agus a smaoineoidh siad nuair a amharcfaidh siad ar do chuid oibre.
- Smaoinigh ar an lucht éisteachta agus ar an chuspóir i rith an ama le linn duit bheith ag pleanáil d'fhoilseacháin agus ag déanamh eagarthóireachta air.
- Bunaithe ar do phlean, faigh nó cruthaigh téacs nó íomhánna, léirithe nó léaráidí ar bith atá tú ag brath a úsáid. Iompórtáil na sócmhainní seo uilig isteach sna bogearraí.
- Suigh na sócmhainní uilig atá de dhíth ort don fhoilseachán agat agus bain triail as gnéithe agus as uirlisí na mbogearraí leis an éifeacht a chruthú atá tú a iarraidh.
- Déan athbhreithniú ar d'fhoilseachán le páirtí ranga agus seiceáil an bhfuil gach rud mar a bhí beartaithe agat. Déan athruithe ar bith a chuirfidh feabhas ar d'fhoilseachán.
- Úsáid comhadainm cuí le d'fhoilseachán a shábháil. Easpórtáil i bhformáid fhóirsteanach é a mbeidh daoine eile ábalta breathnú air nó úsáid a bhaint as.
- Déan tagairt do do chuid nótaí taighde i do dhialann tionscadail. Déan nóta de dhá phríomhghné ar a laghad a fhágann go bhfuil d'fhoilseachán éifeachtach don lucht éisteachta agus don chuspóir dá ndearnadh é.
- Smaoinigh ar na gnéithe nó ar na tréithe i d'fhoilseachán a gcuirfeá feabhas orthu dá mbeifeá ag dearadh an táirge arís. Déan taifead de do chuid smaointe i do dhialann tionscadail.
- Glac gabháil scáileáin de do chomhad, oscail é sna bogearraí a d'úsáid tú lena chruthú (formáid chomhad dúchais). Cuir sin ag deireadh do dhialainne tionscadail.

Nótaí don Dalta: Foilsitheoireacht Deisce

- Faigh samplaí d'fhoilseacháin atá ábhartha don tionscadal agat agus déan athbhreithniú orthu. Sainaithin na príomhthréithe a dhéanann éifeachtach iad. Socraigh cé acu de na tréithe seo atá ábhartha don tionscadal agat. Cosain an fáth a bhfuil rún agat iad a chur isteach i d'fhoilseachán. Déan nóta den chosaint seo i do dhialann tionscadail.

- Agus an foilseachán á phleanáil agat smaoinigh ar na riachtanais atá ag an lucht éisteachta ar leith atá agat. Déan nóta díobh seo mar chuspóirí do do tháirge deiridh i do dhialann tionscadail. Déan tagairt do do chuid nótaí le linn phróiseas na heagarthóireachta lena chinntiú go bhfuil tú ag comhlíonadh na gcuspóirí seo.

- Cruthaigh plean don fhoilseachán agat agus tú ag úsáid an teanga chuí a bhaineann le foilsitheoireacht deisce le tacú le do chuid pleanála.

- Smaoinigh ar an lucht éisteachta agus ar an chuspóir i rith an ama le linn duit bheith ag pleanáil d'fhoilseacháin agus ag déanamh eagarthóireachta air.

- Bunaithe ar do phlean, faigh nó cruthaigh téacs nó íomhánna, léirithe nó léaráidí ar bith atá tú ag brath a úsáid. Iompórtáil na sócmhainní seo uilig isteach sna bogearraí.

- Suigh na sócmhainní uilig atá de dhíth ort don fhoilseachán agat agus bain triail as gnéithe agus as uirlisí na mbogearraí leis an éifeacht a chruthú atá tú a iarraidh.

- Cinntigh go bhfuil na comhaid a d'úsáid tú le d'fhoilseachán a dhéanamh slachtmhar. Scrios comhaid mhóra ar bith nach bhfuil de dhíth níos mó. Sábháil do chuid oibre ag pointí tábhachtacha agus déan cóip le nach gcaillfear leaganacha rathúla.

- Déan athbhreithniú ar d'fhoilseachán le páirtí ranga. Déan nóta i do dhialann tionscadail de réimsí ar bith a bhféadfá níos mó eagarthóireachta a dhéanamh orthu. Déan athruithe nuair is cuí. Déan an próiséas athbhreithnithe seo arís go dtí go bhfuil d'fhoilseachán deiridh chomh cóngarach agus is féidir don chéad intinn a bhí agat agus tú ag cur do chuid cuspóirí san áireamh.

- Úsáid comhadainm ábhartha le do fhoilseachán a shábháil agus easpórtáil é i bhformáidí fóirsteanacha a mbeidh daoine eile ábalta breathnú orthu agus úsáid a bhaint astu, mar shampla i méideanna éagsúla leathanaigh lena íoslódáil ó shuíomh gréasáin nó a chur chuig siopa cló gairmiúil.

- Nuair atá an foilseachán críochnaithe agat, déan nótaí i do dhialann tionscadail a thugann cosaint den méid a chomhlíonann sé do chuid cuspóirí tosaigh. Déan tagairt ar leith don lucht éisteachta agus don chuspóir agat. Déan taifead de chuspóirí ar bith nach bhfuil sé á gcomhlíonadh go hiomlán.

- Glac gabháil scáileáin de do chomhad, oscail é sna bogearraí a d'úsáid tú lena chruthú (formáid chomhad dúchais). Cuir sin ag deireadh do dhialainne tionscadail.